An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 30 Lúnasa 2014**
**(OR. en)**

**EUCO 163/14**

**CO EUR 11**
**CONCL 4**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| Ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Chuig: | Na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú speisialta de chuid na Comhairle Eorpaí (an 30 Lúnasa 2014) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuas.

## I. AN CHÉAD TIMTHRIALL INSTITIÚIDEACH EILE

1. I bhfianaise na gcomhairliúchán a rinne Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ghlac an Chomhairle Eorpach na cinntí seo a leanas inniu, i gcomhréir leis na Conarthaí:

2. Thogh an Chomhairle Eorpach Donald Tusk mar Uachtarán ar an gComhairle Eorpach don tréimhse ón 1 Nollaig 2014 go dtí an 31 Bealtaine 2017[1]. D'iarr sí ar Ardrúnaí na Comhairle cuidiú le hUachtarán toghaí na Comhairle Eorpaí san idirthréimhse.

3. Cheap an Chomhairle Eorpach, le toiliú Uachtarán toghaí an Choimisiúin, Federica Mogherini mar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála don tréimhse ó dheireadh théarma reatha oifige an Choimisiúin go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019[2].

4. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle liosta na ndaoine eile a mholfaidh sí lena gceapadh mar chomhaltaí den Choimisiún a ghlacadh gan mhoill, i bpáirt le hUachtarán toghaí an Choimisiúin.

5. Ceapfaidh an Chomhairle Eorpach an Coimisiún nua tar éis vóta toilithe ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Uachtarán, maidir le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus maidir le comhaltaí eile an Choimisiúin mar chomhlacht.

6. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach cinneadh Cheannairí Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhfuil an euro mar airgeadra acu Donald Tusk a cheapadh mar Uachtarán ar na Cruinnithe Mullaigh faoin Euro don tréimhse ón 1 Nollaig 2014 go dtí an 31 Bealtaine 2017[3].

---

[1] Cinneadh ón gComhairle Eorpach lena dtoghtar Uachtarán na Comhairle Eorpaí (EUCO 144/14)

[2] Cinneadh ón gComhairle Eorpach lena gceaptar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (EUCO 146/14)

[3] Cinneadh ó Cheannairí Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhfuil an euro mar airgeadra acu, lena gceaptar an tUachtarán ar na Cruinnithe Mullaigh faoin Euro (11949/14)

## II. SAINCHEISTEANNA EACNAMAÍOCHA

7. In ainneoin gur tháinig feabhas mór ar dhálaí na margaí airgeadais, agus in ainneoin na n-iarrachtaí struchtúracha atá déanta ag na Ballstáit, tá imní suntasach ann maidir leis an staid eacnamaíoch agus fostaíochta san Eoraip. Dearbhaíodh leis na sonraí eacnamaíocha le roinnt seachtainí anuas gur lag atá an téarnamh, go háirithe sa limistéar euro, gurb rí-íseal atá an boilsciú agus go bhfuil an dífhostaíocht ró-ard. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí uaithi an 27 Meitheamh 2014 maidir leis an Seimeastar Eorpach mar aon leis an gcomhaontú ar tháinig sí air maidir le Clár Oibre Straitéiseach ina ndírítear go háirithe ar phoist, ar an bhfás agus ar an iomaíochas. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfar dul chun cinn pras maidir leis na treoshuímh sin a chur chun feidhme. Chun na críche sin, iarrann sí ar an gComhairle an staid shocheacnamaíoch a mheasúnú agus dul i mbun oibre ar na saincheisteanna sin gan mhoill. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach freisin é go bhfuil rún ag rialtas na hIodáile comhdháil a thionól i mí Dheireadh Fómhair ar leibhéal na gCeannairí Stáit nó Rialtais maidir le fostaíocht, go háirithe fostaíocht don aos óg, tar éis na cinn sin a tionóladh i mBeirlín agus i bPáras. San Fhómhar, tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh freisin ar an staid eacnamaíoch agus tionólfar Cruinniú Mullaigh tiomnaithe faoin Euro.

## III. CAIDREAMH SEACHTRACH

### AN ÚCRÁIN

8. Ag meabhrú di na ráitis ó na Ceannairí Stáit nó Rialtais maidir leis an Úcráin an 6 Márta agus an 27 Bealtaine agus a gcuid conclúidí an 21 Márta, an 27 Meitheamh agus an 16 Iúil, tá an-imní fós ar an gComhairle Eorpach faoin trodaireacht leanúnach in Oirthear na hÚcráine, atá ag géarú lá i ndiaidh lae agus cáineann sí i gcónaí nasc-ghabháil neamhdhleathach na Crimé a rinne Cónaidhm na Rúise. Cáineann sí plódú méadaitheach na dtrodaithe agus na n-arm ó chríoch Chónaidhm na Rúise go dtí Oirthear na hÚcráine chomh maith leis an ionsaí atá á dhéanamh ag fórsaí armtha na Rúise ar ithir na hÚcráine. Iarrann sí ar Chónaidhm na Rúise a sócmhainní míleata uile agus a fórsaí uile a tharraingt siar ón Úcráin. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach an gá práinneach le réiteach polaitiúil inbhuanaithe a bheadh bunaithe ar urraim do cheannasacht, do shláine críche, d'aontacht agus do neamhspleáchas na hÚcráine.

9. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl a thábhachtaí is atá sé plean síochána an Uachtaráin Poroshenko a chur chun feidhme gan mhoill. Mar chéim thosaigh, ba cheart go mbeadh sos cogaidh inmharthana a chomhaontófar go frithpháirteach, athbhunú rialú na hÚcráine ar a teorainn féin agus stad láithreach ar shreabhadh arm, ábhair agus pearsana míleata ó Chónaidhm na Rúise isteach san Úcráin, chomh maith leis na gialla uile atá faoi choinneáil go neamhdhleathach ag na grúpaí atá armtha go mídhleathach agus na príosúnaigh atá á gcoinneáil i gCónaidhm na Rúise a scaoileadh saor mar ábhar práinne. Fairis sin, iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go mbeadh rochtain láithreach shlán agus gan bhac ar shuíomh tubaiste na heitilte MH17 mar chuid de shos cogaidh. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl arís go dtacaíonn sí le hiarrachtaí suntasacha na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an t-idirphlé tríthaobhach ar cuireadh tús leis idir an tAontas Eorpach, an Úcráin agus Cónaidhm na Rúise maidir le saincheisteanna praiticiúla i ndáil leis an gComhaontú Comhlachais/leis an gcomhaontú saorthrádála domhain agus cuimsitheach (DCTFA) a chur chun feidhme agus i ndáil leis an bplé i dtaca le cúrsaí fuinnimh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar gach comhpháirtí an dlús a choinneáil d'fhonn torthaí inláimhsithe a bhaint amach laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na páirtithe uile a dtacaíocht a chur ar fáil agus iompar slán cobhsaí acmhainní fuinnimh a éascú, go háirithe gás.

11. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar gach comhpháirtí tacaíocht a thabhairt d'obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta daonnúla agus an obair sin a éascú gan mhoill, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus leis na prionsabail a bhaineann leis. Ba cheart gan tionchar daonnúil na coinbhleachta ar an bpobal sibhialtach a shaothrú chun críocha polaitiúla nó míleata. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar gach rannpháirtí, lena n-áirítear Cónaidhm na Rúise, tacú leis an iarracht idirnáisiúnta téarnaimh atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, agus aitheantas iomlán a thabhairt do ról Rialtas na hÚcráine mar phríomhfhreagróir.

12. Tá an Chomhairle Eorpach fós i mbun faireacháin agus measúnaithe ar na bearta sriantacha a ghlac an tAontas Eorpach agus tá sí réidh tuilleadh céimeanna suntasacha a ghlacadh, i bhfianaise na héabhlóide ar an staid mar atá ar an láthair. Iarrann sí ar an gCoimisiún tabhairt faoi obair ullmhúcháin go práinneach, i gcomhpháirt le SEGS, agus tograí a thíolacadh chun go mbreithneofar iad laistigh de sheachtain. Iarrann sí ar gCoimisiún foráil a chur isteach ina thogra, agus bunaithe ar an bhforáil sin liostófar gach duine agus gach institiúid a bhíonn ag plé leis na grúpaí scarúnaíocha i réigiún Donbass.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na bearta eisceachtúla a ghlac an Coimisiún chun margaí talmhaíochta agus bia an Aontais a chobhsú d'fhonn tionchar shrianta allmhairithe na Rúise ar tháirgí talmhaíochta áirithe AE a fhuascailt. Iarrann sí ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chúrsaí agus féachaint le bearta breise ar bith a ghlacadh, de réir mar is iomchuí.

**AN IARÁIC/AN tSIRIA**

14. Tá an Chomhairle Eorpach thar a bheith buartha faoin staid slándála agus daonnúil atá ag dul in olcas san Iaráic agus sa tSiria mar thoradh ar an bhforghabháil a rinne Stát Ioslamach na hIaráice agus an Leiveaint (ISIL) ar chuid dá gcríche. Tá uafás ar an gComhairle Eorpach mar gheall ar na maruithe neamh-idirdhealaitheacha agus na sáruithe ar chearta an duine atá déanta ag an eagraíocht sceimhlitheoireachta sin agus ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta eile agus cáineann sí iad go láidir, go háirithe i gcoinne Críostaithe agus i gcoinne mionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha eile, ar cheart a bheith mar chuid d'Iaráic nua dhaonlathach agus i gcoinne na ngrúpaí is leochailí. Beidh ar na páirtithe a rinne na coireanna sin an fhreagracht a ghlacadh orthu. Cuireann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí is atá sé go ndéanfadh tíortha ón réigiún gníomhú comhordaithe chun na bagairtí sin a chomhrac. Áitíonn sí ar gach ceannaire Iarácach rialtas atá cuimsitheach i bhfírinne a chur le chéile mar chéadfhreagra polaitiúil ar an ngéarchéim reatha, agus tá sí réidh le tacú le Rialtas na hIaráice agus na hathchóirithe is gá á saothrú aige.

15. Leis an éagobhsaíocht atá sa tSiria mar gheall ar chogadh brúidiúil réimeas Assad i gcoinne a phobail féin, tá ISIL i mbarr a réime. Tá géarghá le haistriú polaitiúil sa tSiria d'fhonn teacht ar réiteach buan.

16. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar gach taobh sa choinbhleacht sa tSiria cloí leis an sainordú ó Fhórsa Breathnóireachta Díscoir na Náisiún Aontaithe agus sábháilteacht agus saorghluaiseacht thrúpaí NA a áirithiú, lena n-áirítear na trúpaí sin ó Bhallstáit an Aontais, agus cáineann sí na hionsaithe a rinneadh le déanaí ar an bhFórsa agus coinneáil roinnt comhaltaí dá chuid.

17. Measann an Chomhairle Eorpach gur bagairt dhíreach é cruthú Cailifeacht Ioslámach san Iaráic agus sa tSiria agus leathadh na sceimhlitheoireachta ar a bhfuil sé bunaithe ag antoiscigh Ioslamacha, ar shlándáil thíortha na hEorpa. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach cur le hiarrachtaí chun bagairt Stát Ioslamach na hIaráice agus an Leiveaint (ISIL) agus na ngrúpaí eile sceimhlitheoireachta san Iaráic agus sa tSiria a chomhrac, de réir mar a iarrtar le Rún 2170 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí atá ar bun ag na Stáit Aontaithe agus ag comhpháirtithe eile mar aon leis an tionscnamh maidir le comhdháil idirnáisiúnta faoin tslándáil a thionól san Iaráic. Tacaíonn sí leis an gcinneadh a rinne Ballstáit aonair ábhar míleata a sholáthar don Iaráic, lena n-airítear na húdaráis réigiúnacha Coirdíneacha. Iarrann sí ar an gComhairle úsáid níos éifeachtaí na mbeart sriantach atá ann cheana a mheas, go háirithe na tairbhí a bhaineann le díolachán aindleathach ola nó le díolachán acmhainní eile ar mhargaí idirnáisiúnta a dhiúltú do ISIL. Tá sí tiomanta fós cúnamh daonnúil a chur ar fáil do na daoine atá ag fulaingt.

*

*   *

18. Creideann an Chomhairle Eorpach go láidir go bhfuil gá ann le gníomhaíocht dhiongbháilte chun sreabh na dtrodairí eachtracha a chosc. Iarrann sí go gcuirfí dlús le cur chun feidhme pacáiste bhearta AE chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát, mar a chomhaontaigh an Chomhairle ó Mheitheamh 2013, go háirithe chun radacú agus antoisceachas a chosc, faisnéis a roinnt ar bhealach níos éifeachtaí - lena n-áirítear le tríú tíortha ábhartha, taisteal amhrasach a dhíspreagadh, a bhrath agus a shuaitheadh agus trodairí eachtracha a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa obair ar an togra maidir leis an gCóras Taifeadta AE d'Ainmneacha Paisinéirí a thabhairt chun críche roimh dheireadh na bliana.
Leagann an Chomhairle Eorpach béim freisin ar an ngá atá ann le dlúthchomhar le tríú tíortha chun cur chuige comhleanúnach a fhorbairt, lena n-áirítear slándáil teorann agus eitlíochta agus acmhainneacht frithsceimhlitheoireachta sa réigiún a neartú.
Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle éifeachtacht na mbeart a athbhreithniú agus gníomhaíocht bhreise a mholadh, de réir mar is gá. Athbhreithneoidh an Chomhairle Eorpach an tsaincheist sin ag an gcruinniú a bheidh aici i mí na Nollag.

**GAZA**

19. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú maidir le sos comhraic ar thángthas air faoi choimirce Údaráis na hÉigipte. Áitíonn an Chomhairle ar an dá pháirtí cloí go hiomlán leis an gcomhaontú agus leanúint leis an gcaibidlíocht a mbeadh feabhsú bunúsach mar thoradh uirthi ó thaobh chúinsí maireachtála mhuintir na Palaistíne i Stráice Gaza, rud a tharlódh de bharr deireadh a chur le córas dhúnadh Gaza, agus deireadh a chur leis an gcaoi a mbagraíonn Hamas agus grúpaí míleata eile in Gaza ar Stát Iosrael. Ba cheart go mbeadh faireachán agus fíorúchán idirnáisiúnta mar thacú leis an méid sin d'fhonn a áirithiú go gcuirfear comhaontú cuimsitheach chun feidhme go hiomlán. Caithfidh na grúpaí sceimhlitheoireachta ar fad in Gaza a gcuid arm a thabhairt uathu.
Dá bhrí sin, tá sé práinneach go ndéanfadh rialtas comhdhearcaidh na Palaistíne a chuid freagrachtaí uile rialtais a fheidhmiú sa Bhruach Thiar agus i Stráice Gaza araon, lena n-áirítear i réimse na slándála agus an riaracháin shibhialta.
Tá imní mhór ar an gComhairle Eorpach i gcónaí maidir le staid anachaine na ndaoine i Stráice Gaza. Iarrann sí go dtabharfaí rochtain láithreach gan chosc ar chabhair dhaonnúil i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

20. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach réidh le cur le comhréiteach cuimsitheach, inbhuanaithe lena gcuirfí feabhas ar shlándáil, ar leas agus ar rath na bPalaistíneach agus na nIosraelach araon.

21. Beidh síocháin agus seasmhacht bhuan ann de thairbhe comhaontú atá bunaithe ar an réiteach dhá Stát agus air sin amháin. Dá bhrí sin, spreagann an Chomhairle Eorpach an dá pháirtí dul i mbun caibidlíochta arís chun na críche sin. Beidh Stráice Gaza ina cuid de Stát na Palaistíne a bheidh ann amach anseo.

**AN LIBIA**

22. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir go bhfuil an choimhlint sa Libia ag dul in olcas, go háirithe ionsaithe i gcoinne limistéir chónaithe, i gcoinne institiúidí poiblí, áiseanna poiblí agus i gcoinne bonneagar criticiúil.

23. Iarrann sí ar gach comhpháirtí sa Libia glacadh le sos comhraic láithreach, chun deireadh a chur le fulaingt an phobail, agus idirphlé polaitiúil atá cuimsitheach a shaothrú go bisiúil. I ndáil leis sin, tacaíonn sí go hiomlán le iarrachtaí mhisean NA sa Libia.

24. Spreagann an Chomhairle Eorpach na tíortha comharsanacha agus tíortha an réigiúin freisin chun tacú le deireadh a chur láithreach leis an naimhdeas agus gníomhaíochtaí a sheachaint a d'fhéadfadh cur leis an deighilt atá ann cheana agus a d'fhéadfadh beag is fiú a dhéanamh d'aistriú na Libia chuig an daonlathas.

25. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar rialtas eatramhach na Libia agus ar Theach na nIonadaithe rialtas fíorchuimsitheach a bhunú go luath a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhuintir na Libia. Spreagann sí an Tionól chun an Bunreacht a Dhréachtú a chuid oibre ar théacs bunreachtúil lena gcumhdófar agus lena gcosnófar cearta mhuintir na Libia go léir a shaothrú mar ábhar práinne.

**EBOLA**

26. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur ábhar imní di an ghéarchéim mar gheall ar an víreas Ebola san Afraic, agus cuireann sí in iúl go láidir a thábhachtaí atá sé don phobal idirnáisiúnta i gcoitinne tacaíocht shuntasach a sholáthar do thíortha an réigiúin, do ENRanna agus don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) chun cabhrú leo dul i ngleic leis an ngalar chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Maidir leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach iad na cistí breise a chuir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ar fáil agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu acmhainní breise airgeadais agus daonna a chur ar fáil chun an t-éileamh méadaithe ar shaineolaithe ar an láthair a shásamh. Tréaslaíonn an Chomhairle Eorpach a n-iarrachtaí leis na hoibrithe daonnúla agus sláinte atá ag obair ar an túslíne. Áitíonn sí go leanfadh na tíortha go léir treoracha EDS agus go gceadódh siad naisc aeir chuig na tíortha lena mbaineann agus uathu, fiú naisc aeir rialaithe, ionas go mbeadh iarrachtaí tacaíochta éifeachtach agus go mbeadh geilleagar na dtíortha sin in ann feidhmiú. Iarrann an Chomhairle Eorpach go mbeadh comhordú méadaithe ar leibhéal an Aontais don chabhair atá á soláthar ag Ballstáit AE agus iarrann sí ar an gComhairle creat cuimsitheach freagartha AE a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim seo.